Uimhir 17 *de* 2002

ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
2. Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.
3. Leasú ar Chuid II den Phríomh-Acht.
4. Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.
5. Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht.
6. Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.
7. Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht.
8. Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht.
9. Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.
10. Rialacha arna ndéanamh faoi alt 27 den Phríomh-Acht do leanúint i bhfeidhm.
11. Tosach feidhme.
12. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

Na hAchtanna dá dTagraítear

Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978	1978, Uimh. 4
Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 go 2000	

Uimhir 17 *de* 2002

ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ (LEASÚ), 2002

[*An tiontú oifigiúil*]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ BREISE I nDÁIL LE CLÁR GINEARÁLTA NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ AGUS CHUN NA CRÍCHE SIN DO LEASÚ ACHT NA LIA-CHLEACHTÓIRÍ, 1978. [10 *Aibreán*, 2002]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

Míniú.

1.—San Acht seo, ciallaíonn ''Príomh-Acht'' Acht na Lia-Chleachtóirí, 1978.

Leasú ar alt 2 den Phríomh-Acht.

2.—Leasaítear alt 2 den Phríomh-Acht mar a leanas:

(*a*) trí ''den Aontas Eorpach'' a chur in ionad ''de Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa'' sa mhíniú ar ''Ballstát'';

(*b*) trí ''clárú inteirneachta '' a chur in ionad ''clárú sealadach'' sa mhíniú ar ''lán-chlárú'';

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad an mhínithe ar ''forordú'':

''ciallaíonn 'forordaithe' forordaithe le riail ón gComhairle;'';

(*d*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad na mínithe ar ''clárú sealadach'' agus ''cláraithe go sealadach'':

''ciallaíonn 'clárú inteirneachta' clárú de bhua alt 28 den Acht seo agus déanfar 'cláraithe mar inteirn' a fhorléiriú dá réir sin;''.

Leasú ar Chuid II den Phríomh-Acht.

3.—Leasaítear an Príomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i gCuid II i ndiaidh alt 25:

''Cumhacht na Comhairle chun rialacha a dhéanamh.

25A.—(1) Féadfaidh an Chomhairle, le ceadú roimh ré ón Aire, rialacha a dhéanamh maidir le haon ní dá dtagraítear i gCuid III nó i gCuid IV den Acht seo mar ní atá forordaithe nó a fhéadfar a fhorordú faoi cheachtar Cuid.

A.3

(2) Cinnteoidh an tAire go ndéanfar gach riail a dhéanfar faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis an riail a dhéanamh.

(3) Féadfaidh ceachtar Teach den Oireachtas, le rún arna rith laistigh de 21 lá suí tar éis an lae a leagtar an riail os comhair an Tí sin, an riail a neamhniú.

(4) Tiocfaidh neamhniú rialach faoi fho-alt (3) in éifeacht láithreach ar an rún lena mbaineann a rith, ach ní dhéanann sé difear do bhailíocht aon ní a rinneadh faoin riail roimh an rún a rith.

Leasú ar alt 26 den Phríomh-Acht.

4.—Leasaítear alt 26(2) den Phríomh-Acht trí ''cláraithe mar inteirn'' a chur in ionad ''cláraithe go sealadach''.

Leasú ar alt 27 den Phríomh-Acht.

5.—Leasaítear alt 27(2) den Phríomh-Acht mar a leanas:

(*a*) i bhfo-alt (2), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*d*):

''(*d*) a bhí cláraithe go díomuan ar feadh tréimhse nach lú san iomlán ná 24 mhí le linn na tréimhse forordaithe agus a dheimhneoidh don Chomhairle—

(i) go ndeachaigh sé faoi na cúrsaí oiliúna forordaithe, nó gur shaothraigh sé an taithí fhorordaithe, agus

(ii) go ndearna sé, mura bhfuil feidhm ag fo-alt (2A) den alt seo nó ag díolúine fhorordaithe, na scrúduithe forordaithe a ghnóthú.'';

(*b*) i bhfo-alt (2), trí mhír (*e*) a aisghairm;

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

''(2A) Ní gá do dhuine ar thosaigh a thréimhse tosaigh de chlárú díomuan roimh 1 Eanáir 1998 agus atá, thairis sin, i dteideal a chláraithe faoi fho-alt (2)(*d*) nó (2B) den alt seo, a dheimhniú don Chomhairle gur ghnóthaigh sé na scrúduithe forordaithe.

(2B) Beidh duine a ndeachaigh a chlárú díomuan in éag aon tráth le linn na tréimhse 12 mhí roimh thosach feidhme an fho-ailt seo i dteideal a chláraithe faoin alt seo—

(*a*) má dhéanann sé iarratas san fhoirm agus sa tslí a chinnfidh an Chomhairle agus má íocann sé an táille iomchuí laistigh den tréimhse 12 mhí tar éis thosach feidhme an fho-ailt seo, agus

(*b*) má dhéanann sé na nithe is infheidhme agus a shonraítear i bhfomhíreanna (i) agus (ii) d'fho-alt (2)(*d*) a dheimhniú don Chomhairle.''.

6.—Cuirtear an méid seo a leanas in ionad alt 28 den Phríomh-Acht:

Leasú ar alt 28 den Phríomh-Acht.

"Clárú inteirneachta.

28.—(1) Ní dhéanfar duine a mbeidh buncháilíocht dáfa dó a chlárú sa chlár seachas trí chlárú inteirneachta mura mbeidh deimhniú taithí deonaithe dó—

(*a*) ag an gcomhlacht sa Stát a dháimh an bhuncháilíocht dó, más comhlacht a shonraítear in aon cheann de mhíreanna 1 go 3 den Cheathrú Sceideal a ghabhann leis an Acht seo an comhlacht sin, nó

(*b*) ag comhlacht forordaithe, más i mBallstát atá an comhlacht a dháimh an bhuncháilíocht dó.

(2) Ní dheonófar deimhniú taithí d'aon duine chun críocha fho-alt (1) den alt seo mura rud é, tar éis buncháilíocht a dhámhachtain dó, go raibh an duine fostaithe i gcleachtadh na míochaine don tréimhse fhorordaithe nó do na tréimhsí forordaithe—

(*a*) in ospidéal, i bhforas sláinte, i gclinic nó i gcleachtadh ginearálta na míochaine, nó

(*b*) i suíomh forordaithe seirbhíse sláinte.".

7.—Leasaítear alt 29 den Phríomh-Acht mar a leanas:

Leasú ar alt 29 den Phríomh-Acht.

(*a*) i bhfo-alt (1), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad mhír (*a*):

"(*a*) go bhfuil duine, nach bhfuil thairis sin i dteideal a chláraithe, sa Stát, nó go bhfuil beartaithe aige a bheith sa Stát, go díomuan chun fostaíocht agus tuilleadh oiliúna a fháil i gcleachtadh na míochaine in ospidéal, i bhforas, i gclinic nó i gcleachtadh ginearálta na míochaine nó i suíomh forordaithe seirbhíse sláinte, agus";

(*b*) tríd an méid seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

"(2) Féadfaidh an Chomhairle tréimhse a chinnfear faoi fho-alt (1) den alt seo a fhadú go ceann tréimhse nó tréimhsí forordaithe ach, faoi réir fho-alt (3) den alt seo, ní faide ná seacht mbliana iomlán na dtréimhsí go léir de chlárú díomuan.".

(*c*) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

"(3) I gcás ina ndéanfaidh duine iarratas ar lán-chlárú sula rachaidh a chlárú díomuan in éag, déanfar, faoi réir alt 46 den Acht seo, a thréimhse de chlárú díomuan a

A.7

fhadú go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach i ndáil leis an iarratas sin.

(4) Chun críocha fho-alt (3) den alt seo, is cinneadh críochnaitheach cinneadh i gcás nach mbeidh aon ábhar achomhairc ann in aghaidh an chinnidh, nó i gcás ina mbeidh ábhar achomhairc ann laistigh de thréimhse a bheidh imithe in éag gan achomharc a bheith tionscanta.

(5) De réir na nósanna imeachta forordaithe, féadfaidh an Chomhairle duine a thagann faoi réim earnála forordaithe a chlárú go díomuan más deimhin leis an gComhairle—

(*a*) go bhfuil céim, dioplóma nó cáilíocht eile ag an duine, a thugann, i dtuairim na Comhairle, leor-ráthaíocht go bhfuil an t-eolas agus an oilteacht aige is gá chun an mhíochaine a chleachtadh go héifeachtúil,

(*b*) gur ghnóthaigh an duine scrúdú iomchuí chun an chéim, an dioplóma nó an cháilíocht eile sin a fháil, agus

(*c*) go bhfuil deimhniú, a mheasann an Chomhairle a bheith comhionann le deimhniú taithí, ag an duine.

(6) Ní foláir iarratais ar chlárú díomuan faoi fho-alt (5) den alt seo a dhéanamh de réir na nósanna imeachta forordaithe.

(7) D'fhonn a chinntiú go bhfuil duine dá dtagraítear i bhfo-alt (5) den alt seo cláraithe go díomuan faoin Acht seo sula ndéanfaidh sé an mhíochaine a chleachtadh sa Stát, féadfaidh an Chomhairle dualgais agus coinníollacha a fhorordú a bheidh le comhlíonadh ag daoine a bheartaíonn seirbhísí duine dá dtagraítear san fho-alt sin a áirithiú.''.

Leasú ar alt 37 den Phríomh-Acht.

8.—Leasaítear alt 37(1) den Phríomh-Acht trí ''arna ndeonú sa Stát'' a scriosadh.

Leasú ar an gCeathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht.

9.—Leasaítear an Ceathrú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh mhír 3:

''4. Céim, dioplóma nó cáilíocht eile a dhámhfar i mBallstát agus a aithneoidh an Chomhairle mar cháilíocht atá comhionann ar a laghad le cáilíocht a shonraítear in aon cheann de mhíreanna 1 go 3 den Sceideal seo.''.

Rialacha arna ndéanamh faoi alt 27 den Phríomh-Acht do leanúint i bhfeidhm.

10.—Leanfaidh riail arna déanamh faoi alt 27 den Phríomh-Acht roimh leasú an ailt sin leis an Acht seo de bheith i bhfeidhm go dtí cibé tráth a dhéanfar í a chúlghairm le riail arna déanamh ag an gComhairle faoi alt 25A den Phríomh-Acht.

Tosach feidhme.

11.—(1) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh an lá a cheapfaidh an tAire le hordú.

(2) Féadfar laethanta éagsúla a cheapadh faoi *fho-alt (1)* chun críoch éagsúil agus le haghaidh forálacha éagsúla. A.11

Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.

12.—(1) Féadfar Acht na Lia-Chleachtóirí (Leasú), 2002, a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 go 2002, a ghairm d'Achtanna na Lia-Chleachtóirí, 1978 go 2000, agus den Acht seo, le chéile, agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.